2024.M39T

2024L024G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Eolaíocht Talmhaíochta

## Gnáthleibhéal

## Dé Luain 17 Meitheamh Tráthnóna 2:00 - 4:30

300 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdú seo.

Moltar duit tuairim is 50 nóiméad a chaitheamh ar Roinn **A** agus 100 nóiméad ar Roinn **B**.

Roinn **A** Freagair **deich** gceist ón roinn seo. Tá rogha inmheánach i g**ceithre** cheist.
Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.

Roinn **B** Freagair **ceithre** cheist ón roinn seo. Tá rogha inmheánach in **dhá** cheist.
Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist.

Scríobh do Scrúduimhir, agus Lá, Mí agus Bliain do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid ach amháin le haghaidh sceitsí, graf agus léaráidí.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sna spásanna sa fhreagarleabhar seo.

Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí. Níl aon dualgas ort an spás go léir a úsáid.

Tá spás breise ar fáil ag deireadh Roinn **A** agus ar chúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir agus le páirt na ceiste.


| Roinn A | 100 marc |
|---|---|

Freagair **deich** gceist ar bith.

Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.

**Ceist 1**

Taispeántar cineál córais innilte sa léaráid thíos.
Scrúdaigh an léaráid agus freagair na ceisteanna a leanas.




**(a)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart thíos chun treo na hinnilte sa léaráid thuas a thaispeáint.

| | |
|---|---|
| → | |
| ← | |

**(b)** Cuir lipéad ar **A** sa léaráid.

**(c)** Sainaithin an cineál córais innilte a thaispeántar sa léaráid.

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** leis an gcóras innilte seo.

**Ceist 2** Freagair (a) **nó** (b).

**(a)** Sainaithin an meaisín ó na fótagraif thíos a bhíonn bainteach leis na cleachtais feirmeoireachta atá liostaithe sa tábla.

| **Céachta** | **Burlaire** |
|---|---|






| **Fuaraitheoir plátaí** | **Tancaer sciodair** |
|---|---|






| **Cleachtas feirmeoireachta** | **Ainm an Mheaisín** |
|---|---|
| Dramhaíl ainmhithe a leathadh ar an talamh | |
| Teocht an bhainne a laghdú | |
| Ithir a iompú agus a bhriseadh suas | |
| Ábhar a bhalcadh i gcruth chun é a stóráil | |


**Nó**

**(b)** Taispeántar saoráidí éagsúla chun eallach a láimhseáil sa phictiúr.
Scrúdaigh na pictiúir agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.

**A**




**B**




**(i)** Luaigh úsáid **amháin** le haghaidh na saoráidí láimhseála eallaigh ar an bhfeirm.

| |
|---|
| |

**(ii)** Mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhfuil saoráid láimhseála **B** níos fearr le haghaidh gluaiseacht ainmhithe.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a bhfuil an ceanngheata a bhfuil an lipéad air i bpictiúr **A** thuas tábhachtach agus ainmhithe á láimhseáil.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(iv)** Seachas gabhlach a úsáid, tabhair breac-chuntas ar réamhchúram sábháilteachta **amháin** a ghlactar nuair a bhíonn ainmhithe á láimhseáil.

| |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 3**

Cuir in iúl le tic (✓) sa bhosca ceart cé acu fíor nó bréagach atá siad seo a leanas.

*Tá an chéad cheann déanta mar shampla.*

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| ***Sampla*** | ***Bíonn an t-ábhar orgánach lonnaithe sa sainchiseal C san ithir.*** | ☐ | ✓ |
| **(i)** | Is cineál síonchaithimh fhisicigh san ithir atá sa reo is coscairt | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Bíonn na cáithníní ithreach is mó sa chré | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Baineann an topagrafaíocht le fána an talaimh | ☐ | ☐ |
| **(iv)** | Faightear cruachisil iarainn sna próifílí ag ithir dhonn | ☐ | ☐ |
| **(v)** | Bíonn dath dorcha saibhir ar an bhfo-ithir | ☐ | ☐ |

**Ceist 4**

Comhlánaigh na habairtí thíos maidir le galair ainmhithe agus focail ón liosta á n-úsáid agat.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An Niúmóine | An Buinne Dearg | Maignéisiam | An Salachar Béil | An Chrúibíneach |

**(a)** Bíonn easpa .......... i mba a bhfuil an teitine féir ag cur isteach orthu.

**(b)** Úsáidtear folcadáin crúb agus cóireáil á cur ar ..........


**(c)** Is comhartha de .......... fuil ina gcuid fuail a bheith á dhíchur ag ba.

**(d)** Is comhartha an t-análú tapa agus an chasacht i laonna de ..........

**(e)** Is ionann loit ar an mbéal, san úth agus i srón uan óg agus ..........

**Ceist 5**

Taispeántar córas díleá an lao sa léaráid.
Scrúdaigh an léaráid agus freagair na ceisteanna a leanas.




**(a)** Cuir lipéad ar **thrí** chuid ar bith den léaráid agus na focail sa liosta thíos á n-úsáid agat.

| Omasam | Abomasam | Cogansach | Reiticealam |
|---|---|---|---|

| | |
|---|---|
| A: | |
| B: | |
| C: | |
| D: | |

**(b)** Sainaithin le tic (✓) a chur sa bhosca ceart an chéad bhia a theastaíonn ón lao.

| | |
|---|---|
| Féar tirim | |
| Gruth buí | |
| Bainne | |
| Eorna | |

**Ceist 6** Freagair (a) **nó** (b).

**(a)** **(i)** Taispeántar sna fótagraif thíos roinnt pórtha caorach a fhaightear ar fheirmeacha na hÉireann.
Sainaithin **trí cinn ar bith** de na pórtha a leanas agus an liosta thíos á úsáid agat.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Texel | Suffolk | Charolais | Leicester Teorann |

**A**



**B**





**C**



**D**

| | |
|---|---|
| A: | |
| B: | |
| C: | |
| D: | |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a bhfuil pór ainmnithe ar bith i gcuid (i) thuas oiriúnach le haghaidh táirgeadh caoireola.

| Pór Ainmnithe: |
|---|
| |
| |
| |

**Nó**

**(b)** Léigh an t-alt agus freagair na ceisteanna a leanas.

## Cabhraíonn ba traidisiúnta le beocht a chur i malaí sléibhe tar éis tinte millteacha



Beidh cúnamh á thabhairt ag eallach traidisiúnta Luing le cuid de na Beanna Boirche i gCo. an Dúin, a scriosadh i dtine in Aibreán 2021, a thabhairt ar ais chucu féin.

Tá an tIontaobhas Náisiúnta i ndiaidh modhanna éagsúla a triail chun an talamh a thabhairt ar ais i mbarr a shláinte ar mhaithe leis na plandaí agus na hainmhithe atá ina gcónaí ann.

Déanfaidh an tréad sé bhó satailt ar an raithneach agus íosfaidh siad an fionnán ceannasach atá tar éis fás ó bhí an tine ann, rud a fhágfaidh spás don fhraoch agus do phlandaí dúchasacha teacht ar ais, agus rud a chruthóidh gnáthóg do niúit, laghairteanna, éin a neadaíonn ar an talamh agus giorriacha. Ní <u>innilteoirí roghnaitheacha</u> iad na ba seo, murab ionann is caoirigh.

Caithfidh na hainmhithe coiléir speisialta a bhfuil córas suite domhanda (GPS) rianaithe orthu, rud a chiallaíonn gur féidir fálta fíorúla a chruthú chun innilt chaomhnaithe spriocdhírithe a cheadú i gceantair ar leith gan aon ghá le fál a chur thart orthu.

*(Oiriúnaithe ón Irish Independent, 2023)*

**(i)** Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Tabhair cuntas achomair ar ról an tréada eallaigh Luing.


| |
|---|
| |
| |
| |

**(iii)** Tabhair cuntas achomair ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le fálta fíorúla.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**Ceist 7**


Is toisc thábhachtach é balcadh na hithreach a mbíonn tionchar aici ar tháirgiúlacht an talaimh. Scrúdaigh an léaráid thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.




**(a)** Agus na ceithre cheannteideal a bhaineann leis an mbalcadh ithreach sa léaráid thuas á n-úsáid agat, déan cur síos achomair ar an tslí a mbíonn tionchar ag **trí cinn ar bith** díobh ar fhás barr ar an talamh.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| 3. |
| |
| |

**(b)** Sainaithin le tic sa bhosca ceart (✓) an céatadán (%) aeir sa chomhdhéanamh ithreach is fearr.





| | |
|---|---|
| 45% | |
| 25% | |
| 5% | |

**Ceist 8**

Bíonn difríochtaí suntasacha i sláinte agus i leas na n-ainmhithe nuair a chaitheann siad seaicéad lao agus caorach.

**(a)** Agus na ceannteidil ón léaráid thíos á n-úsáid agat, tabhair cuntas achomair ar **thrí** bhuntáiste **ar bith** a bhaineann leis na seaicéid ó thaobh sláinte agus leas ainmhithe a fheabhsú.









| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| 3. |
| |
| |

**(b)** Tabhair míniú achomair ar conas is féidir le píosa **amháin** teicneolaíochta a bhfuil staidéar déanta agat air sláinte agus leas ainmhithe ar an bhfeirm a fheabhsú.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Ceist 9** Freagair (a) **nó** (b).

**(a)** Taispeántar struchtúr planda sa léaráid.
Scrúdaigh an léaráid agus freagair na ceisteanna ina diaidh.




**(i)** Sainaithin an chuid sin den phlanda a bhíonn páirteach in ionsú cothaitheach.

| |
|---|
| |
| |

**(ii)** Liostaigh **dhá** chothaitheach a ionsúnn plandaí.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(iii)** Sainaithin le tic (✓) sa bhosca ceart na baictéir a fhaightear i bhfréamhacha na seimre a fhosaíonn nítrigin ón atmaisféar go níotráití le haghaidh úsáid an phlanda.

| | |
|---|---|
| *Lachtbhacaillín* | |
| *Risibiam* | |
| *Clóistridiam* | |

**Nó**

**(b)** Léiríodh i dtuarascáil de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) i mí an Mheithimh 2023 nár tháinig aon fheabhas ar cháilíocht an uisce in Éirinn in 2022.

Luaigh **dhá** chleachtas talmhaíochta a chuireann le truailliú uisce agus tabhair breac-chuntas ar bhealach **amháin** chun cáilíocht an uisce a chosaint ar na cleachtais sin.

| Cleachtas talmhaíochta | Cáilíocht an uisce a chosaint |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |

**Ceist 10**



Tá an chéad tréad buabhall uisce ar a bhleacht – agus an t-aon cheann – agus i Maigh Chromtha in Éirinn. Is táirge ceardaí atá in Mozzarella Buabhall Mhaigh Chromtha agus déantar é as bainne úr buabhaill a tháirgtear ar an bhfeirm, a ndéantar cáis de agus a chuirtear chun bealaigh an lá céanna.

*(In oiriúint ó bordbia.ie)*

**(a)** Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** Is sampla maith de tháirge a bhíonn á sholáthar do mhargadh nideoige atá in Mozzarella Buabhall Mhaigh Chromtha.
Sainaithin le tic (✓) sa bhosca ceart thíos an chiall atá le margadh nideoige.

| | |
|---|---|
| Tír nó grúpa tíortha a seoltar earraí agus seirbhísí ó thír eile chucu | |
| Margadh speisialaithe ina bhfuil táirgí a bhíonn dírithe ar shainriachtanais tomhaltóirí a shásamh | |
| An treo ginearálta ina bhfuil margadh ag bogadh | |

**(c)** Taispeántar comhdhéanamh bainne buabhaill i gcomparáid le bainne bó sa tábla thíos. Déan anailís ar an tábla agus freagair na ceisteanna a leanas.

| Cion | Bó | Buabhall |
|---|---|---|
| Uisce (%) | **M** | 84 |
| Fuinneamh (kcal) | 61 | 97 |
| Próitéin (g) | 3.2 | 3.7 |
| Saill (g) | 3.4 | 6.9 |

*(In oiriúint ó researchgate.net)*

**(i)** Bunaithe ar d’eolas ar chomhdhéanamh bainne bó (**M**), cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun tabhairt le fios an bhfuil an % uisce i mbainne bó níos airde nó níos isle ná bainne buabhaill.

| | |
|---|---|
| Níos airde | |
| Níos ísle | |


**(ii)** Ta bainne buabhaill oiriúnach le haghaidh cineálacha éagsúla táirgthe cáise.
Luaigh cé acu cothaitheach is mó a dhéanann oiriúnach é le haghaidh táirgeadh cáise.

| |
|---|
| |
| |

**Ceist 11**

Freagair (a) nó (b)

**(a)** Tá pórú roghnaitheach á dhéanamh leis na mílte bliain chun tréithe plandaí agus ainmhithe a fheabhsú.
Déan anailís ar an léaráid a bhaineann le táirgeadh uibheacha agus freagair na ceisteanna ina diaidh.




**(i)** Sainaithin an tréith inmhianaithe atá á phórú go roghnaitheach.

**(ii)** I gcéim 2, luaigh cé acu cearc, **A**, **B** nó **C**, an sliocht is fearr chun glúnta a phórú amach anseo.

**(iii)** Agus d'eolas ar phórú roghnaitheach á úsáid agat, sainaithin ón liosta thíos **dhá** thréith de chuid eallach déiríochta a d'fhéadfaí a roghnú chun táirgeacht a fheabhsú. Cuir tic (✓) sna boscaí ceart.

| | |
|---|---|
| Geir mharmarach san fheoil | |
| Toirt bhainne | |
| Teacht in aibíocht luath | |
| Próitéin bhainne | |

**Nó**

**(b)** Taispeántar an pór mairt an Beilgeach Gorm sa phictiúr.
Scrúdaigh an pictiúr agus freagair na ceisteanna a leanas.



**(i)** Sainaithin **dhá** thréith fhisiceacha atá ag an mBeilgeach Gorm.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**(ii)** Luaigh, agus cúis agat leis, cé acu bó **A** nó **B** a roghnódh feirmeoir chun crosáil leis an tarbh Beilgeach Gorm a thaispeántar sa phictiúr thuas.

**A**



**B**



| |
|---|
| Bó: |
| Cúis: |
| |

**Ceist 12**

Taispeántar sa léaráid na hathróga in iniúchadh chun éifeacht trí leasachán éagsúla ar fhás planda a dheimhniú. Úsáidtear ceithre phlanda (**A**, **B**, **C** agus **D**) atá díreach mar a chéile san iniúchadh. Scrúdaigh an léaráid agus freagair na ceisteanna ina diaidh.

| **A** | **B** | **C** | **D** |
|---|---|---|---|
| Gan aon deoir den leasachán | 2 dheoir den leasachán | 4 dheoir den leasachán | 6 dheoir den leasachán |




**(a)** Sainaithin gach aon cheann de na hathróga seo a leanas san iniúchadh.

| | |
|---|---|
| Cóimheastóir | |
| Neamhspleách | |
| Spleách | |

**(b)** Tabhair míniú achomair ar an ngaol idir na hathróga neamhspleácha agus na hathróga spleácha san iniúchadh seo.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

Spás breise scríbhneoireachta i gcomhair **Roinn A**.

Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

## Roinn B — 200 marc

Freagair **ceithre** cheist ar bith.

Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist.

**Ceist 13**



**(a)** Bhí 40 heicteár talaimh ar cíos ag Lisa dá feirm dhéiríochta orgánach. Rinne sí roinnt tástálacha chun a táirgeacht a dheimhniú. Ar ceann de na réimsí a shocraigh Lisa a iniúchadh bhí comhdhéanamh luibheolaíochta an talaimh.

Déan cur síos le cúnamh léaráide lipéadaithe ar an gcaoi a gcuirfeadh sí an t-iniúchadh sin i gcrích.

Léaráid lipéadaithe:

**(ii)** D'aimsigh Lisa na plandaí seo a leanas san fhéarach.
Sainaithin **trí cinn ar bith** de na plandaí agus an liosta focal sa bhosca thíos á úsáid agat.

| Copóg leathanduilleach | Seagalach bhuan | Neantóg | Seamair bhán |
|---|---|---|---|

**A**



**B**





**C**



**D**

| | |
|---|---|
| A: | |
| B: | |
| C: | |
| D: | |

**(b)** Tá torthaí an iniúchta ar taispeáint sa tábla thíos.
Scrúdaigh an tábla agus freagair na ceisteanna a leanas.

| Planda | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | Meán % minicíochta |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Copóg** | | X | | X | | | X | | | X | **A** |
| **Seagalach bhuan** | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | 100 |
| **Neantóg** | X | | | | X | | | | | X | 30 |
| **Seamair bhán** | X | | X | X | X | X | | X | | X | 70 |

**(i)** Ríomh meánchéatadán (%) minicíochta **A** na copóige.


| Ríomh: |
|---|
| |

**(ii)** Luaigh, agus cúis leis, cé acu cáilíochtúil nó cainníochtúil iad na torthaí i gcuid (i).


| |
|---|
| Luaigh: |
| Cúis: |
| |
| |

**(iii)** Sainaithin le tic (✓) sa bhosca ceart an chairt nó an graf is oiriúnaí chun na torthaí thuas a thaispeáint.

**A**



**B**



**C**



| | | |
|---|---|---|
| | | |

**(iv)** Luaigh, agus cúis leis, an iniúchadh cruinn atá anseo nó nach ea.

| |
|---|
| Luaigh: |
| Cúis: |
| |
| |


**Ceist 14**

Is gné an-tábhachtach de shaol na feirmeoireachta atá i ndéantús sadhlais mar gur bia riachtanach atá ann d'ainmhithe athchogantacha ar fheirmeacha.

**(a)** **(i)** Tá sé riachtanach a chinntiú go mbeadh fás maith féir ann chun táirgeacht mhaith a bhaint amach.
Déan cur síos achomair ar **dhá** shlí a bhféadfadh feirmeoir táirgeacht mhaith féir a chinntiú ag am bainte.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**(ii)** Cuir **X** ar an léaráid chun an t-am is fearr den bhliain le féar a bhaint le haghaidh sadhlais a shainaithint.




**(iii)** Déan cur síos achomair ar mhíbhuntáiste **amháin** nuair a ghearrtar an féar ag an gcéim fáis mhícheart.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** **(i)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun an chéim cheart chun an féar a bhaint le haghaidh sadhlais a shainaithint.

**A**



**B**



| | |
|---|---|
| | |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** le do rogha i gcuid (i).

**(iii)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun an chéim fáis ag a bhfuil planda **B** a shainaithint.

| | |
|---|---|
| Bláthra | |
| Fásúil | |
| Fadúchán | |

**(c)** **(i)** Beart amháin chun cáilíocht sadhlais a dheimhniú is ea an céatadán % ábhair thirim (DM) a thomhas.
Cuir síos ar an gcaoi a gcuirfeadh scoláire an t-iniúchadh sin i gcrích i saotharlann na scoile.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí eile chun cáilíocht an tsadhlais a thomhas.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |

**(d)** Is bianna coitianta iad féar tirim agus sadhlas ar fheirmeacha beostoic agus is slí an dá cheann chun féar a leasú.
Dean comparáid idir leasú féir mar fhéar tirim agus mar shadhlas faoi na ceannteidil a leanas agus an liosta focal sa bhosca á úsáid agat.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Díhiodráitiú | 24 uair | Faoi phlaisteach | Seid | 5 - 7 lá | Coipeadh |

| | **Féar Tirim** | **Sadhlas** |
|---|---|---|
| **Fad triomaithe** | | |
| **Slí leasaithe** | | |
| **Stóráil** | | |

**Ceist 15** Freagair (a) **agus** (b) **chomh maith** le (c) **nó** (d).




Is am an-tábhachtach agus gnóthach ar fheirmeacha caorach an séasúr pórtha le cinntiú go mbeidh rath ar tháirgeadh uan.

**(a)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar chleachtais bhainistíochta na gcaorach le linn aimsir na cúplála faoi na ceannteidil a leanas.

| | |
|---|---|
| **Beathú** | |
| | |
| | |
| | |
| **Sláinte** | |
| | |
| | |
| | |

**(ii)** Cuir lipéid ar léaráid chóras atáirgthe caorach agus liosta na bhfocal sa bhosca thíos á úsáid agat.

| |
|---|
| Ubhagán |
| Útaras |
| Feadán Fallópach |
| Ceirbheacs |




| | | | |
|---|---|---|---|
| **A** | | **C** | |
| **B** | | **D** | |

**(b)** **(i)** Is cuid thábhachtach den tréad an reithe agus is gá aire a thabhairt dó agus é a sheiceáil. Déan cur síos achomair ar **dhá** rud a sheiceálfadh feirmeoirí roimh an séasúr pórtha.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**(ii)** Le linn cúplála cuireann feirmeoirí breasal ar an reithe. Mínigh cuspóir an bhreasail.



| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(iii)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart thíos chun a rá cé chomh minic a dhéanfaí dath an bhreasail a athrú.

| | |
|---|---|
| 13 – 15 lá | |
| 22 – 24 lá | |
| 28 – 30 lá | |

**(iv)** Agus na dathanna sa bhosca thíos á n-úsáid agat, liostaigh na dathanna san ord ina n-úsáideann an feirmeoir iad le linn cúplála.

**A**




**B**




**C**




| | |
|---|---|
| 1ú dath | |
| 2ú dath | |
| 3ú dath | |

**(c)** **(i)** Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun meán-chóimheas na reithí le caoirigh a shainaithint i dtréad breithe uan i lár an tséasúir.

| | |
|---|---|
| 1:80 | |
| 1:40 | |
| 1:100 | |

**(ii)** Mínigh an tábhacht leis an olann shalach agus fhliuch idir na cosa ar an gcaora a bhearradh roimh chúpláil.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Nó**

**(d)** Is póraitheoirí iléastrasacha séasúracha iad caoirigh.
Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 16**



**(a)** Tá cion ábhair orgánaigh an-tábhachtach le haghaidh shláinte na hithreach.

**(i)** Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

**(ii)** Déan cur síos achomair ar **dhá** shlí leis an gcion ábhair orgánaigh in ithir a mhéadú.

1.

2.

**(iii)** Déan cur síos ar fheidhmeanna an ábhair orgánaigh san ithir faoi na ceannteidil a leanas.

| Feidhm | Cur síos |
|---|---|
| **Tionchar ar pH na hithreach** | |
| **Coimeádann uisce** | |
| **Balcadh ithreach** | |

**(iv)** Tabhair míniú achomair ar **dhá** thoisc a bhfuil tionchar acu ar an gcion ábhair orgánaigh san ithir.

1.

2.

**(b)** Déan cur síos le cúnamh léaráide lipéadaithe ar an dóigh a bhféadfadh scoláire iniúchadh a chur i gcrích chun an céatadán d’ábhar orgánach i sampla 100g ithreach a dheimhniú.

Léaráid lipéadaithe:

**(c)** Tá torthaí an iniúchta ar taispeáint sa bhosca thíos.

| | |
|---|---|
| Mais an ábhair orgánaigh | 25 g |

**(i)** Ríomh an % ábhair orgánaigh sa sampla ithreach a tástáladh i gcuid (b).

Ríomh:

**(ii)** Bunaithe ar na torthaí i gcuid (i), luaigh an é is dóichí ná a mhalairt gur ithir mhóna nó ithir dhonn atá sa chineál ithreach.

**(iii)** Bíonn carbón i ngach ábhar orgánach.
Ríomh an % carbóin orgánaigh ithreach sa sampla ithreach agus an chothromóid a thaispeántar sa bhosca thíos a húsáid agat.

**% Carbóin Orgánaigh Ithreach = % Ábhair Orgánaigh Ithreach X 0.58**

Ríomh:

**Ceist 17**

**(a)** Léigh an t-alt agus freagair na ceisteanna a leanas.

## Úsáideadh soip 40 bliain d'aois chun laonna a ghiniúint ar fheirm i dTiobraid Árann

Tá feirm i gContae Thiobraid Árann ina bhaile faoi láthair ag cuid de na laonna is uathúla in Éirinn mar ba tharbh Ceanadach a rugadh 46 bliain ó shin a ghin na laonna atá i gceist.



Roghnaigh an feirmeoir an tarbh sin mar go ndúirt feirmeoirí eile faoi gurb é 'an t-athair is fearr ar bhain siad leas as riamh' de bharr a chrutha iontaigh.

D'úsáid an feirmeoir seamhan gnéasaitheanta agus shruthlaigh sé cúig bhó ón sop amháin chun lao fireann agus lao baineann a fháil.

*(In oiriúint ó Agriland, 2023)*

**(i)** Is é atá i gceist le gnéasaithint seamhain ná an crómasóm X (baineann) a scaradh ón gcrómasóm Y (fireann) sa speirm.
Mínigh cén fáth ar buntáiste an teicneolaíocht sin ar fheirmeacha.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** le húsáid sop ón tarbh Ceanadach a bhí 40 bliain d'aois.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(iii)** Déan cur síos achomair ar **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste le hInseamhnú Saorga (IS) in eallach.

| Buntáistí | Míbhuntáistí |
|---|---|
| 1. | 1. |
| | |
| | |
| 2. | 2. |
| | |
| | |

**(b)** **(i)** Bunaithe ar bharr bia ainmnithe (seachas féar) a bhfuil staidéar déanta agat air, déan cur síos ar a thimthriall fáis faoi na ceannteidil a leanas.

| Barr bia ainmnithe: | |
|---|---|
| **Péacadh** | Léaráid lipéadaithe: |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| **Aibiú** | Léaráid lipéadaithe: |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |


**(ii)** Déan cur síos ar an tslí a ndéantar an barr bia a ainmníodh i gcuid (i) a bhaint agus a stóráil.

| Baint: |
|---|
| |
| |
| |
| Stóráil: |
| |
| |
| |

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar réamhchúram sábháilteachta **amháin** ba cheart a ghlacadh le linn don bharr sin a bheith á bhaint.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(c)** Úsáidtear córais chomhtháite srianta lotnaidí chun feirmeoireacht a dhéanamh ar bhealach níos inbhuanaithe.
Scrúdaigh an pictiúr agus freagair na ceisteanna a leanas.




Bain úsáid as an liosta focal thíos agus luaigh cén chatagóir den srianadh lotnaidí lena mbaineann siad.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Feananna | Creachadóirí | Sláinteachas le Meaisín | ~~Lotnaidicídí~~ | Uainíocht na mbarr |

*Tá an chéad cheann déanta mar shampla.*

| **Catagóir** | |
|---|---|
| ***Ceimiceach*** | ***Lotnaidicídí*** |
| Bitheolaíoch | |
| Fisiceach / Meicniúil | |
| Cultúrtha / Sláintíocht | |
| Cosc | |

**Ceist 18** Freagair (a) **agus** (b) **chomh maith** le (c) **nó** (d).

**(a)** Is am an-ghnóthach ar gach feirm mhairt agus dhéiríochta an t-am breithe laonna, mar sin tá sé tábhachtach go mbeadh feirmeoirí réitithe roimh ré.



**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhealach ar féidir le feirmeoirí déiríochta ullmhú le haghaidh shéasúr na mbreitheanna lena chinntiú go dtiocfaidh laonna folláine slán.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| 3. |
| |
| |

**(ii)** Mínigh go hachomair **dhá** chleachtas a chuirtear i bhfeidhm ar an lao nuair a bheirtear é.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**(iii)** Sainaithin an pór bó déiríochta a thaispeántar sa phictiúr thíos.



| |
|---|
| |

**(b)** Agus leas á bhaint agat as na spriocmheáchain a thugtar sa liosta thíos, meaitseáil na meáchain le céim fáis na n-ainmhithe déiríochta.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 600 kg | 90 kg | 40 kg | 200 kg | 350 kg |

| | |
|---|---|
| Breith | |
| Scoitheadh | |
| 1ú uair faoi dhíon | |
| Cúpláil | |
| 1ú uair ag breith | |



**(c)** Tá sé an-tábhachtach go ndéanfaí an bhó dhéiríochta a bheathú i gceart le linn a lachta chun uastáirgeadh nó tál ard bainne a chinntiú.
Mínigh an chaoi a mbeathaítear bó dhéiríochta sna chéad 10 seachtaine lachta le linn na tréimhse ina mbíonn an chothromaíocht fuinnimh diúltach.

**Nó**

**(d)** Luaigh fad ama gach ceann ar leith díobh seo a leanas i mba déiríochta.

| | **Méid laethanta** |
|---|---|
| Lachtadh | |
| Tréimhse Sheasc | |
| Tréimhse Iompair | |

Spás breise scríbhneoireachta i gcomhair **Roinn B**.
Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

**Buíochas**

**Íomhá(nna)**

| | |
|---|---|
| Leathanach 3 | Coimisiún na Scrúduithe Stait |
| Leathanach 4 | futurefarming.com; agriland.ie; milldairyservice.co.uk; ncengineering.com |
| Leathanach 5 | donovaneng.ie; darachcroft.com |
| Leathanach 7 | dairy.extension.wisc.edu |
| Leathanach 8 | animalsustainability.tumblr.com; breedslist.com; bbc.com; britannica.com |
| Leathanach 9 | irishindependent.ie |
| Leathanach 11 | animac-wear.com; calfjackets.ie |
| Leathanach 12 | croplife.com |
| Leathanach 13 | farmersjournal.ie |
| Leathanach 14 | thesciencehive.co.uk |
| Leathanach 15 | progessivegenetics.ie; charolaisinternational.com |
| Leathanach 16 | quizlet.com |
| Leathanach 19 | agriland.ie |
| Leathanach 20 | pixabay.com; thatsfarming.com; naturespot.co.uk |
| Leathanach 21 | sixsigmadaily.com; twinkl.com |
| Leathanach 22 | greenmanlawncare.co.uk; agriland.ie |
| Leathanach 25 | countrysideonline.co.uk; Coimisiún na Scrúduithe Stait |
| Leathanach 26 | gibsonagri.co.uk; frsdirect.ie |
| Leathanach 28 | cropaia.com |
| Leathanach 31 | agriland.ie |
| Leathanach 33 | teagasc.ie |
| Leathanach 34 | dairyherd.com; progressivegenetics.ie |
| Leathanach 35 | therio.vetmed.lsu.edu |

**Téacs**

| | |
|---|---|
| Leathanach 8 | Black, R. *Traditional cows to help bring mountainside back to life after devastating fires.* Irish Independent (14 June 2023). |
| Leathanach 15 | *Macroom Buffalo Cheese Products.* https://www.bordbia.ie/farmhouse-cheese/profiles/macroom-buffalo. 2023. |
| Leathanach 31 | Ryan, C. *40 year old straws used to sire calves on Tipperary farm.* https://www.agriland.ie/farming-news/40-year-old-straws-used-to-sire-calves-on-tipperary-farm. 29 September 2023. |

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Eolaíocht Talmhaíochta

Dé Luain 17 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30